C/2025/6687

11.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12187 — SMFG / JEFFERIES / JAPANESE EQUITIES JV)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6687)

1. An 1 Nollaig 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sumitomo Mitsui Financial Group, Inc ('SMFG', an tSeapáin),

— Jefferies Financial Group Inc. ('Jefferies', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh SMFG agus Jefferies rialú comhpháirteach ar SMBC Nikko Jefferies Securities Inc. ('Japanese Equities JV', an tSeapáin). de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is institiúid airgeadais dhomhanda é SMFG a bhfuil láithreacht sheanbhunaithe aige ar fud na ngnólachtaí baincéireachta tomhaltóirí agus corparáideacha uile,

— Is gnólacht domhanda baincéireachta infheistíochta lánseirbhíse agus margaí caipitil é Jefferies.

3. Beidh Japanese Equities JV gníomhach i soláthar seirbhísí baincéireachta infheistíochta Seapánacha a bhaineann le cothromas.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12187 — SMFG / JEFFERIES / JAPANESE EQUITIES JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.